# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**08 Meán Fómhair 2022** || Eagrán 113

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**





# RANGANNA JIVEÁLA

**Tá Ranganna Jiveála do Dhéagóirí Meánscoile á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i gcomhpháirt le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Cuirfear tús leis na ranganna ar an Luan 12ú Meán Fómhair ag 7:30i.n. Cúrsa ceithre seachtaine a bheas ann. Beidh na ranganna ar siúl i Halla Pobail Ros an Mhíl agus gearrfar táille de €20 in aghaidh an duine ar an gcúrsa. Moltar clárú roimh ré, go luath, de bharr go mbeidh spásanna teoranta. Is féidir teagmháil a dhéanamh le meadhbh@tuismitheoiri.ie nó 091 869 571 le cálrú nó má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait.**




# BISEACH 2022

Tá ábhar á bhailiú ag coiste eagarthóireachta faoi láthair le cur san iris BISEACH 2022, a bheas á fhoilsiú ag Cumann Forbartha Chois Fharraige lár na míosa seo chugainn. Tá cuid mhaith ábhar tagtha isteach cheana don iris, ach bheadh fáilte faoi leith roimh sheanphictiúir nár foilsíodh cheana. Glacfar chomh maith le pictiúir ó bhainiseacha i gceantar Chois Fharraige a tharla le linn 2022. Is féidir pictiúir a chur i bhfoirm leictreonach chuig biseach2022@gmail.com nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ag 086 4048881 le socrú a dhéanamh leis na pictiúir a sheoladh ar aghaidh.

# RANGANNA CEOIL, AMHRÁNAÍOCHTA & DAMHSA

Tá téarma nua de ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Cuirfear tús leis na ranganna ar an Luan 19ú Meán Fómhair. Cuirtear ranganna ar fáil i réimse leathan uirlisí, idir traidisiúnta agus nua-aimseartha. Beidh líon teoranta uirlisí ar fáil ar cíos ó bhainc uirlisí Thuismitheoirí na Gaeltachta. Bíonn an-éileamh ar na ranganna seo de ghnáth, mar sin, moltar clárú roimh ré le spás a dheimhniú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus clárú ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig eolas@tuismitheoiri.ie.



# RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

**Tá Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na ranganna seo feiliúnach do ghlan tosaitheoirí atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim agus níos mó Gaeilge a úsáid ag abaile, leis na gasúir. Cuirfear tús leis na ranganna ar an Déardaoin 15ú Meán Fómhair @ 7i.n. in Inis Fáil, sa Spidéal. Le tuilleadh eolais, nó le clárú do na ranganna, is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294**

***Irish Classes for adult learners will commence on Thursday 15th September @ 7pm The course will last six weeks, and will take place in Inis Fáil, Spiddal. To register, please contact optchoisfharraige@gmail or 083 010 6294***

# CEARDLANNA LÚIBÍNÍ & AGALLAMH BEIRTE

**Tá Ceardlanna Agallamh Bheirte agus Lúibíní, le Traolach Ó Conghaile, á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh na ceardlanna, do dhaoine fásta, ag tosú ar an gCéadaoin 14ú Meán Fómhair @ 7i.n. in Inis Fáil, sa Spidéal. Cúrsa sé seachtaine a bheas ann. Pléifear an cúlra agus traidisiún a bhaineann le Lúibíní & Agallamh Bheirte, agus cuirfear comhairle agus cúnamh ar fáil le triail a bhaint as peann a chur le páipéar tú féin! Moltar clárú roimh ré, de bharr go mbeidh spásanna teoranta. Is féidir teagmháil a dhéanamh le ocptchoisfharraige@gmail.com le clárú do na ceardlanna.**

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

# Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí

(Irish classes for parents)

**Ranganna ar fáil do dhaoine le roinnt Gaeilge atá ranganna déanta acu cheana féin.**

(Classes suitable for parents, who have some Irish and have undertaken classes before.)

**Déardaoin 15ú Meán Fómhair**

(Thursday 15ú September)

**Le clárú (Register):**

**optchoisfharraige@gmail.com**

**083 010 6294**



# CEARDLANNA LÚIBÍNÍ & AGALLAIMH BHEIRTE

Le Traolach Ó Conghaile

**Dé Céadaoin 14 Meán Fómhair @ 7i.n.**
(cúrsa 6 seachtaine)

Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)



Cláráú ag:
**ocptchoisfharraige@gmail.com**

Spásanna teoranta!!!

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# CAMÓGAÍOCHT AR PHÁIRC NA BHFORBACHA

**Cuirfidh Club Iománaíochta Bearna/Na Forbacha tús le traenáil camógaíochta ar an Domhnach 18ú Meán Fómhair @ 10:30r.n. ar Pháirc na bhForbacha. Tá fáilte roimh chuile aois agus an club ag tosú! Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an gclub ar a gcuntas Facebook. Go n-éirí go geal leis na himreoirí óga!**

# RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

**Tá ranganna Gaeilge do dhaoine fásta á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Cuirfear tús leis na ranganna seo ar an Máirt 13ú Meán Fómhair @ 7i.n. Beidh na ranganna ar siúl in Inis Fáil, sa Spidéal. Beidh na ranganna feiliúnach do thosaitheoirí agus mairfidh an cúrsa seo ar feadh sé seachtaine. Iarrtar ar dhaoine clárú do na ranganna roimh ré, ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Pleanála Teanga ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.**

***Irish Classes for adult learners will commence on Tuesday 13th September @ 7pm The course will last six weeks, and will take place in Inis Fáil, Spiddal. To register, please contact optchoisfharraige@gmail or 083 010 6294***

# RANGANNA GAEILGE

do dhaoine fásta

**Ranganna Gaeilge do thosaitheoirí**

(Irish Classes for beginners)

**Dé Máirt 13ú Meán Fómhair**

**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**

(cúrsa 6 seachtaine a bheas ann)



Moltar clárú roimh ré ag

**optchoisfharraige@gmail.com**

(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE

fóram um pleanáil teanga

# CEARDLANN AIRGEADAIS D'EALAÍONTÓIRÍ

**Tá ceardlann airgeadais, le béim ar leith ar chúrsaí cánach, á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta. Tabharfaidh Gaby Smyth cúnamh, treoir agus nodanna úsáideacha ag an gceardlann atá dírithe ar ealaíontóirí. Cuirfear béim ar an bpróiseas a bhaineann le tuairisceán cánach agus na bealaí is éifeachtaí le tabhairt faoi. Beidh an cheardlann ar siúl ar an Máirt 13ú Meán Fómhair @ 7i.n. agus arís ar an gCéadaoin 14ú Meán Fómhair @ 10r.n. Le clárú don cheardlann, is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig ealain@udaras.ie. Iarrtar ar dhaoine a léiriú sa ríomhphost cén dáta ar mhaith leo freastal.**



# PRÓISEAS IONTRÁLA AN OIREACHTAIS AR OSCAILT!


**Tá próiseas iontrála do Chomórtais Ardán an Oireachtais 2022 oscailte! Beidh comórtais éagsúla, feiliúnach do ghasúir agus do dhaoine fásta ar siúl ó 2-6 Samhain ag an bhféile a bheas ar siúl i gCill Áirne, Co. Chiarraí i mbliana. Glacfar le hiarratais go dtí Déardaoin 15ú Meán Fómhair. Mar is iondúil, is iomaí comórtas a bheas ar siúl - damhsa ar an sean-nós, amhránaíocht ar an sean-nós, scéalaíocht, Agallamh Beirte, Lúibíní, chomh maith le sceitse, amhrán saothair amhrán nuachumtha agus go leor eile nach iad! Is féidir clárú do na comórtais ar líne, ag www.antoireachtas.ie**

An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL

# COSÁN NA NAOMH

Ní fada anois go mbeidh saothar úrnua ceoil leis an gceoltóir agus cumadóir iomráiteach Máire Breatnach, á léiriú ag Stiúideo Cuan sa Spidéal. Meascán de cheol agus filíocht a bheas ann, a thabharfaidh léargas ar leithinis Chorca Dhuibhne agus stair ársa an cheantair Gaeltachta seo. Beidh an veidhlín agus viola á sheinm ag Máire Breatnach in éineacht le Mick O' Brien ar na feadóga agus na píb uilleann, chomh maith le Noreen O' Donoghue ar an gcláirseach le dearadh fuaime ó Stephen O' Brien. Cuirfear tús leis an sraith nua ar an 27 Meán Fómhair, agus críochnóidh sé ar an 1 Deireadh Fómhair. Tosóidh sé @ 8:30i.n. chuile oíche. Tá an togra seo á reáchtáil ag Stiúideo Cuan i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi Chosán na Naomh ach teagmháil a dhéanamh le Stiúideo Cuan ag 091 553838 nó is féidir ticéad a cheannach ach 'Cosán na Naomh' a chuardach ar Eventbrite.

STIÚIDEO Cuan



# Cosán na Naomh

Coimisiún nua Ceoil le **Máire Breatnach**

Máire Breatnach | Mick O'Brien
& Noreen O'Donoghue

**Máirt 27 Meán Fómhair -**
**Satharn 1 D.Fómh. @ 8.30pm**